Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Márta 2026
(OR. en)

6260/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0002(NLE)

TRANS 69

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, a mhéid a bhaineann le dréachtChinneadh Uimh. …/… ón gCoiste sin lena mbunaítear a Rialacha Nós Imeachta |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, a mhéid a bhaineann le dréachtChinneadh Uimh. …/… ón gCoiste sin lena mbunaítear a Rialacha Nós Imeachta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas Comhaontú Interbus maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus ('Comhaontú Interbus') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2002/917/CE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2003.

(2) Thug an tAontas an Prótacal maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus a ghabhann le Comhaontú Interbus ('an Prótacal') i gcrích le Cinneadh (AE) 2023/911 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2024.

(3) De bhun Airteagal 18(1) den Phrótacal, bunaítear Comhchoiste ('an Comhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal').

(4) De bhun Airteagal 23(3) de Chomhaontú Interbus, is infheidhme de bhua Airteagal 18(2) den Phrótacal, tá an Comhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal lena Rialacha Nós Imeachta féin a ghlacadh.

(5) Le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige, tá an Comhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar a Rialacha Nós Imeachta féin.

---

1 Cinneadh ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2002 maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú Interbus maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (IO L 321, 26.11.2002, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/917/oj).

2 Cinneadh (AE) 2023/911 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus (IO L 122, 5.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/911/oj).

(6) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste, is iomchuí é a bhunú, ós rud é go mbeidh an Cinneadh arna bhunú faoin bPrótacal atá le glacadh ag an gcoiste sin ina cheangal ar an Aontas.

(7) Le bunú Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal , éascófar cur i bhfeidhm an Phrótacail. Ba cheart na rialacha sin a bheith ag comhfhreagairt go dlúth, leis na hoiriúnuithe is gá, do Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste arna bhunú faoi Chomhaontú Interbus le Cinneadh Uimh. 1/2011 den choiste sin[3],

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[3] Cinneadh Uimh. 1/2011 ón gComhchoiste arna bhunú faoi Chomhaontú Interbus maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus an 11 Samhain 2011 lena nglactar a rialacha nós imeachta agus lena n-oiriúnaítear Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis na coinníollacha is infheidhme maidir le hoibreoirí iompair paisinéirí de bhóthar, Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis na caighdeáin theicniúla is infheidhme maidir le busanna agus cóistí agus na ceanglais a bhaineann leis na forálacha sóisialta dá dtagraítear in Airteagal 8 den Chomhaontú (IO L 8, 12.1.2012, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/25(1)/oj).

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcéad chruinniú eile den Chomhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 18(1) den Phrótacal maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus a ghabhann le Comhaontú Interbus, a mhéid a bhaineann lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh ionadaithe an Aontais iad a chomhaontú sa Chomhchoiste arna bhunú faoin bPrótacal gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*